CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1028 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meitheamh 2021

lena nglactar bearta maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraí Lárchóras ETIAS a rochtain, a leasú, a léirscriosadh agus a réamh-léirscriosadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 ([1]), agus go háirithe Airteagal 73(3), an tríú fomhír, pointí (b) (i) agus (ii) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/1240, bunaítear an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ("ETIAS"), córas is infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus atá ag iarraidh dul isteach ar chríoch na mBallstát.

(2) Roimh an gCóras Faisnéise ETIAS a fhorbairt, is gá bearta a ghlacadh maidir le cur chun feidhme teicniúil an chórais sin.

(3) Na bearta a leagtar síos leis an gCinneadh seo, ba cheart iad a fhorlíonadh le Sonraíochtaí Teicniúla an Chórais Faisnéise ETIAS. Ar bhonn na mbeart a leagtar síos leis an gCinneadh seo, an Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), ba cheart di a bheith in ann dearadh ailtireacht fhisiceach an Chórais Faisnéise ETIAS a shainiú mar aon le sonraíochtaí teicniúla an chórais sin, agus an Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt a chomh maith.

(4) An chaoi a ndéanfaidh na húdaráis sonraí i Lárchóras ETIAS a rochtain, a leasú agus a léirscriosadh, ba cheart an méid sin a chuimsiú i bhforbairt theicniúil agus cur chun feidhme an Chórais Faisnéise ETIAS.

(5) A mhéid a bhaineann le rochtain ag na húdaráis teorann chun stádas údaraithe taistil a fháil ag na teorainneacha, rochtain ag na húdaráis inimirce chun na coinníollacha maidir le dul isteach ar chríoch na mBallstát nó fanacht uirthi a fhíorú, rochtain ag na lárphointí rochtana chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus rochtain ag Aonaid Náisiúnta ETIAS chun comhaid a aisghabháil lena dtacófar leis an measúnú riosca, ba cheart an rochtain sin a dheonú trí chomhéadan teicniúil trínar féidir na bonneagair teorann náisiúnta, na lárphointí rochtana, córais náisiúnta na n-údarás inimirce agus córais faisnéise eile an Aontais nó córais náisiúnta eile a chomhcheangal le Lárchóras ETIAS. Na sonraíochtaí teicniúla a d'fhorbair eu-LISA, ba cheart doiciméad maidir le rialú an chomhéadain a bheith san áireamh iontu, doiciméad ina dtabharfar tuairisc ar an gcomhéadan teicniúil a bheidh ann idir Lárchóras ETIAS ar thaobh amháin agus córais faisnéise eile an Aontais agus córais náisiúnta ar an taobh eile.

(6) Nuair a chuirfear tús le hoibríochtaí na tairsí cuardaigh Eorpaí arna bunú de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), na cuardaigh a dhéanfaidh na húdaráis teorann, na húdaráis inimirce nó na lárphointí rochtana, ba cheart na cuardaigh sin a bheith déanta tríd an tairseach chuardaigh Eorpach.

(7) A mhéid a bhaineann le rochtain chun próiseáil láimhe a dhéanamh ar iarratais, lena n-áirítear i gcás Europol nuair a thugann sé tuairim d'Aonaid Náisiúnta ETIAS, mar aon le rochtain ag Láraonad ETIAS agus ag Aonaid Náisiúnta ETIAS chun sonraí a leasú agus a léirscriosadh, ba cheart rochtain a dheonú trí bhogearra arna cheapadh chun na críche sin ag eu-LISA. Ba cheart do Europol an bogearra sin a úsáid freisin chun rochtain a iarraidh ar shonraí i Lárchóras ETIAS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. An chaoi a ndéanfaidh Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol an bogearra sin a fhíordheimhniú agus a rochtain, ba cheart é sin a shonrú.

([1]) IO L 236, 19.9.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, IO L 135, 22.5.2019, lch. 27.

(8) Úsáideoirí cuí-údaraithe ó Láraonad ETIAS, ó Aonaid Náisiúnta ETIAS agus ó Europol, ba cheart dóibh logáil isteach sa bhogearra trí bhíthin phróifílí poist na n-úsáideoirí. Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol, ba cheart dóibh a bheith in ann ceadanna caighdeánacha, róil agus próifílí poist a shannadh d'úsáideoirí nó próifílí poist a shaincheapadh trí bhíthin róil agus ceadanna réamhbhunaithe sa bhogearra chun go léireofar an chaoi a ndéanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, agus na Ballstáit, an chaoi a ndéanfaidh siad Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS a bhunú agus a oibriú, agus i gcás Europol, chun go léireofar modhanna oibre Europol.

(9) Neamh-chomhoiriúnachtaí idir róil agus ceadanna réamhbhunaithe, ba cheart iad a réamhchinneadh sa bhogearra chun cosc a chur ar úsáideoirí próifílí poist a chruthú a mbeidh róil agus ceadanna neamh-chomhoiriúnacha ag baint leo. Chun dualgais a dheighilt agus chun freagrachtaí contrártha ar úsáideoirí a sheachaint, níor cheart na ceadanna a bhaineann le próiseáil na n-iarratas a chónascadh leis na ceadanna a bhaineann le sonraí a leasú agus a léirscriosadh ná leis na ceadanna a bhaineann le nósanna imeachta achomhairc.

(10) I gcomhréir leis na prionsabail maidir le cosaint sonraí, go háirithe cosaint sonraí de réir dearaidh agus de réir réamhshocraithe, ba cheart cead a bheith ag úsáideoirí an bhogearra na sonraí a chomhfhreagraíonn do na ceadanna arna sannadh dá bpróifílí poist a fheiceáil agus na sonraí sin amháin. I ngeall air sin, d'fhéadfadh taispeántí éagsúla úsáideora a bheith ann, ag brath ar an bpróifíl poist atá in úsáid.

(11) Ba cheart an bogearra a fhorbairt le feidhmiúlachtaí ginearálta bogearra a thacaíonn le Láraonad ETIAS agus le hAonaid Náisiúnta ETIAS ó thaobh a gcúraimí a bhaineann le sonraí a rochtain, a leasú agus a léirscriosadh.

(12) Chomh maith leis sin, ba cheart roinnt feidhmiúlachtaí sonracha a bheith san áireamh ann chun tacú le húsáideoirí ó thaobh a gcúraimí a bhaineann le sonraí a rochtain agus a leasú agus nuair atá próiseáil láimhe á déanamh acu ar iarratais ar gineadh amas i ndáil leis le linn uathphróiseáil na n-iarratas.

(13) I measc na bhfeidhmiúlachtaí sonracha sin, an t-am atá fágtha ag úsáideoirí chun na sprioc-amanna a sannadh dóibh a chomhlíonadh maidir leis na céimeanna éagsúla ó thaobh an t-iarratas a scrúdú mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1240, ba cheart don bhogearra an t-am sin a thaispeáint go soiléir d'úsáideoirí i gcónaí.

(14) Ba cheart d'fheidhmiúlachtaí sonracha eile tacú le hAonaid Náisiúnta ETIAS le linn phróiseáil láimhe na n-iarratas nuair atá measúnú á dhéanamh ar na rioscaí. Ba cheart don bhogearra asbhaint sonraí teoranta a stóráiltear i Lárchóras ETIAS a chumasú chun go mbeadh sé níos éasca d'Aonaid Náisiúnta ETIAS córais faisnéise nó bunachair sonraí eile an Aontais a cheadú (Córas Faisnéise Schengen (SIS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS), an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) nó Eurodac), nó faisnéis a cheadú i mbunchórais náisiúnta, faisnéis a bhaineann leis na hamais a ghintear le linn uathphróiseáil na n-iarratas. Ba cheart an Córas Faisnéise ETIAS a fhorbairt sa chaoi gur féidir comhaid a chruthú go huathoibríoch agus iad a chur ar fáil lena n-asbhaint ag Aonaid Náisiúnta ETIAS nuair atá próiseáil láimhe á déanamh ar iarratais i gcomhréir le hAirteagal 26 nó Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1240. Is gá sainaithint a dhéanamh ar na feidhmiúlachtaí agus na heilimintí sonraí ar cheart iad a ullmhú go huathoibríoch mar chuid de na comhaid, ag brath ar an amas a ghintear le linn uathphróiseáil na n-iarratas. Is gá thairis sin feidhmiúlachtaí sonracha a bheith ag an mbogearra trínar féidir sonraí a asbhaint i gcomhthéacs nósanna imeachta achomhairc náisiúnta agus trínar féidir torthaí na measúnuithe riosca a uaslódáil mar aon le sonraí a bhaineann le nósanna imeachta achomhairc náisiúnta a thaifeadadh. An t-údar cuí is bonn leis an gcinneadh i leith údarú taistil a eisiúint nó a dhiúltú, níor cheart d'úsáideoirí a bheith in ann é a uaslódáil de réir fheidhmiúlachtaí sonracha an bhogearra lena ndéanfar torthaí na measúnuithe riosca a uaslódáil.

(15) Ba cheart do eu-LISA sonraí logála isteach a shannadh do na Ballstáit ionas gur féidir leo ról amháin nó níos mó nó próifíl poist úsáideora amháin nó níos mó a shocrú le haghaidh bhaill foirne chuí-údaraithe na lárphointí rochtana agus le haghaidh údaráis teorann agus inimirce.

(16) I bhfianaise na hoibleagáide atá ann cheana faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann, agus í ina cáil mar rialaitheoir sonraí i gcomhréir le hAirteagal 3, pointe (8), den Rialachán sin, agus eu-LISA, agus é ina cháil mar rialaitheoir i ndáil le bainistiú slándála faisnéise Lárchóras ETIAS, ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-oibríochtaí próiseála atá beartaithe ar chosaint sonraí pearsanta de bhun Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2018/1725.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(17) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2018/1240 agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é, áfach, go gcuireann Rialachán (AE) 2018/1240 le *acquis* Schengen, thug an Danmhairg fógra an 21 Nollaig 2018, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, maidir lena cinneadh Rialachán (AE) 2018/1240 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta.

(18) Is éard atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu agus ní thagann sé faoi raon feidhme Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([4]); Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(19) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is éard atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* ([5]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([6]).

(20) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([7]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ([8]) ón gComhairle.

(21) Maidir le Lichtinstéin, is éard atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([9]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ([10]) ón gComhairle.

(22) A mhéid a bhaineann leis an mBulgáir, an Chipir, an Chróit agus an Rómáin, is éard atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(23) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an 22 Eanáir 2021.

(24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Theorainneacha Cliste (ETIAS),

([4]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([5]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([6]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([7]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([8]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

([9]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([10]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an gCinneadh seo bunaítear bearta maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1240 a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

1. sonraí a rochtain i gcomhréir le hAirteagail 22 go 29, Airteagail 33 go 44 agus Airteagal 47 go 53 den Rialachán sin;

2. sonraí a leasú, a léirscriosadh agus a réamh-léirscriosadh i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán sin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "ról" tacar ceadanna atá nasctha le cuspóir sonrach le haghaidh sonraí a phróiseáil i gCóras an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS);

(b) ciallaíonn "próifíl poist" feidhm phoist amháin nó níos mó a chuimsíonn ról amháin nó níos mó;

(c) ciallaíonn "úsáideoir" ball foirne cuí-údaraithe ó Lárionad ETIAS, Aonad Náisiúnta ETIAS, Europol nó lárphointe rochtana mar aon le húdaráis teorann nó inimirce ag a bhfuil sonraí logála isteach a sainíodh do ról nó próifíl poist amháin nó níos mó;

(d) ciallaíonn "cead" an ceart chun oibríocht próiseála sonraí a dhéanamh.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN mBOGEARRA

Airteagal 3

Scéim fíordheimhniúcháin agus bainistiú rochtana

1. Cé is moite de rochtain ar iontrálacha ar liostaí faire a ndéanfar rochtain orthu i gcomhréir leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leagtar síos bearta maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla an liosta faire agus na huirlise meastóireachta tionchair ([11]), beidh rochtain ag úsáideoirí ó Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol ar shonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS agus Europol, tríd an mbogearra dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2018/1240 ("an bogearra").

2. Agus an bogearra á fhorbairt aige, déanfaidh eu-LISA an méid seo a leanas:

(a) scéim fíordheimhniúcháin a bhunú lena logálfar isteach sa bhogearra;

(b) ceadanna caighdeánacha, róil agus próifílí poist a chur ar fáil do Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol.

([11]) C(2021) 4123.

3. Cuirfidh an bogearra na modhanna teicniúla ar fáil do Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) róil nua a chruthú agus róil atá ann cheana a leasú nó a léirscriosadh;

(b) sonraí logála isteach a chruthú chun gur féidir leis na húsáideoirí oibríochtaí próiseála sonraí a dhéanamh i gcomhréir leis na róil sannta;

(c) rialáil a dhéanamh, laistigh dá n-eagraíocht, ar shannadh na ról caighdeánach d'úsáideoirí agus ar bhainistiú na ról sin.

4. Na róil a chruthaigh nó a leasaigh Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol, ní bheidh siad le feiceáil ach ag Láraonad ETIAS, Aonad Náisiúnta ETIAS nó Europol faoi seach.

5. Cuirfidh an bogearra cosc ar róil neamh-chomhoiriúnacha a shannadh d'úsáideoirí. I gcás na n-úsáideoirí a bhfuil roinnt próifílí poist acu, déanfaidh an bogearra a áirithiú nach mbeidh siad in ann ach próifíl poist amháin a úsáid ag am ar leith, agus go mbeidh siad in ann próifílí poist a mhalartú gan logáil amach.

6. Is iad Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol a bheidh freagrach as próifílí poist a shannadh d'úsáideoirí laistigh dá n-eagraíocht tríd an mbogearra. Féadfar gach próifíl poist, ról nó cead a shannadh do roinnt úsáideoirí laistigh d'aon eagraíocht amháin.

7. Féadfaidh úsáideoirí ainmneacha bréige a úsáid. Beifear in ann na hainmneacha bréige sin a rianú chuig céannachtaí oifigiúla na n-úsáideoirí ar an leibhéal náisiúnta nó laistigh de Europol.

8. An scéim fíordheimhniúcháin agus na ceadanna, róil agus próifílí poist caighdeánacha dá dtagraítear i mír 2 agus an cosc atá ar róil neamh-chomhoiriúnacha shannadh dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, is mar chuid de na sonraíochtaí teicniúla dá bhforáiltear in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2018/1240 a bheidh siad.

Airteagal 4

Feidhmeanna ginearálta an bhogearra

1. Beidh ar a laghad ceann amháin de na feidhmeanna seo a leanas ag an mbogearra lena dtacófar le húsáideoirí sonraí a rochtain, a leasú agus a léirscriosadh:

(a) an fhéidearthacht a bheith ann tacar réamhshocraithe scagairí a úsáid chun taispeáint na sonraí a oiriúnú do gach próifíl poist atá logáilte isteach sa bhogearra;

(b) sábháil uathoibríoch na sonraí a chuirtear leis an gcomhad iarratais nó na ndréachtleasuithe ar shonraí sa chomhad iarratais, i gcás inarb infheidhme, agus logáil amach uathoibríoch an úsáideora tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta réamhbhunaithe;

(c) an fhéidearthacht a bheith ann rochtain ar amas ag úsáideoir eile a bhlocáil ar feadh tréimhse teoranta, lena n-airítear amais den sórt sin a mharcáil mar amais atá infheicthe ag úsáideoirí eile;

(d) an rogha a bheith ann dul chun cinn a shábháil maidir le próiseáil iarratais ag Láraonad ETIAS nó Aonaid Náisiúnta ETIAS;

(e) an rogha a bheith ann marcáil agus taifeadadh a dhéanamh, tráth ar bith, ar aon mhíchruinneas sonraí nó aon phróiseáil atá ina sárú ar Rialachán (AE) 2018/1240 ag Láraonad ETIAS nó Aonaid Náisiúnta ETIAS;

(f) cumarsáid agus malartú faisnéise a chumasú idir na húsáideoirí ó Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS agus Europol;

(g) na nótaí sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (f) den Chinneadh seo a scriosadh go huathoibríoch tráth a chuirfear críoch leis an bpróiseáil láimhe ag Láraonad ETIAS agus ag Aonaid Náisiúnta ETIAS;

(h) na nótaí sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (f) den Chinneadh seo a chosc ar bheith infheicthe ag úsáideoirí eile seachas úsáideoirí an Aonaid chéanna nó Europol;

(i) cead a thabhairt do Lárionad ETIAS iarrataí ó Europol dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (m) den Chinneadh seo a phróiseáil;

(j) an fhéidearthacht a bheith ann aisghabháil sonraí a éascú arna iarraidh sin do dhuine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear teimpléid chun freagra a thabhairt don duine is ábhar do na sonraí mar aon le, i gcas inarb ábhartha, forléargas ar na hathruithe a rinneadh ar na sonraí, roghnú na sonraí pearsana nó na húdair chuí dá dtagraítear in Airteagal 64(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/1240;

(k) i gcás ina leasófar údarú taistil ar bhonn iarraidh ó shealbhóir an údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2018/1240, beidh na húsáideoirí in ann a chur in iúl do shealbhóir an údaraithe taistil gur eisíodh údarú taistil leasaithe.

2. Tabharfaidh eu-LISA tuairisc ar na sonraí maidir le feidhmeanna ginearálta an bhogearra sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2018/1240.

Airteagal 5

Feidhmiúlachtaí sonracha an bhogearra

1. Beidh ar a laghad na feidhmiúlachta sonracha seo a leanas ag an mbogearra lena dtacófar le húsáideoirí agus sonraí á rochtain acu i gcomhréir le Caibidlí III, IV agus VI de Rialachán (AE) 2018/1240:

(a) feidhmiúlacht lena dtaispeánfar na comhaid iarratais mar an taispeáint réamhshocraithe de réir an mhéid ama atá fágtha go dtí an chéad chéim eile den phróiseáil láimhe, mar aon le scagairí eile a bheidh ar fáil chun an taispeáint a shaincheapadh de réir an úsáideora, chun na comhaid iarratais a thaispeáint de réir na n-aicmí seo a leanas:

(i) an t-am a cuireadh tús le céim na próiseála láimhe;

(ii) aon iarraidh riachtanach ar cheadú agus an t-am atá fágtha go dtí dul in éag an sprioca-ama le haghaidh tuairimí a thabhairt (arna n-aicmiú, mar réamhshocrú, de réir na n-iarrataí ar cheadú sin a bhfuil an t-am is lú fágtha acu go dtí an sprioc-am);

(iii) an chéad chéim eile den phróiseáil láimhe atá le déanamh ag Aonad Náisiúnta Aonad ETIAS a ceadaíodh nó atá freagrach as an iarratas;

(iv) an cineál amais nó ceiste cúlra a chuireann an phróiseáil láimhe i ngníomh;

(v) an cineál iarratais (eadhon iarratas a bhaineann le forais dhaonnúla nó oibleagáidí idirnáisiúnta, nó an gnáthchineál iarratais);

(vi) iarratais atá marcáilte le haghaidh aird ar leith nó láimhseáil *ad-hoc*;

(vii) i gcás Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach, an cineál tuairime a fuarthas ó Aonaid Náisiúnta ETIAS a ceadaíodh nó ó Europol, lena n-áirítear cibé acu an bhfuarthas roimh an sprioc-am í nó nach bhfuarthas;

(b) feidhmiúlacht chun an t-am atá fágtha a ríomh agus a thaispeáint go soiléir mar aon le rabhaidh maidir le sprioc-amanna le haghaidh phróiseáil láimhe na n-iarratas, lena n-áirítear an uair a cheadaítear Aontais Náisiúnta ETIAS nó Europol;

(c) feidhmiúlacht lena gcuirfear deais bhainistíochta ar fáil do Láraonad ETIAS, Aonaid Náisiúnta ETIAS nó Europol ina mbeidh forléargas ar stádas na n-oibríochtaí próiseála láimhe le fáil;

(d) feidhmiúlacht lena dtabharfar an rogha chun iarratas a mharcáil le haghaidh aird ar leith nó láimhseáil *ad-hoc*;

(e) feidhmiúlacht lena dtabharfar an rogha fógra a iarraidh faoin gcinneadh a rinne Aonad Náisiúnta ETIAS an Bhallstáit atá freagrach i leith iarratas ar ceadaíodh Aonad Náisiúnta ETIAS i ndáil leis;

(f) feidhmiúlacht lena gcuirfear ar a chumas do Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS nótaí sealadacha i ndáil leis an gcomhad iarratais a chur leis nó a scriosadh;

(g) feidhmiúlachtaí lena dtacófar le hAonaid Náisiúnta ETIAS próiseáil láimhe a dhéanamh ar iarratais de bhun Airteagail 26 agus 28 de Rialachán (AE) 2018/1240 mar a leanas:

(i) i gcás na n-amas dá dtagraítear in Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2018/1240, feidhmiúlacht lena gcuirfear ar fáil go huathoibríoch comhad lena asbhaint ina mbeidh na sonraí seo a leanas ón gcomhad iarratais: "sloinne (ainm teaghlaigh)", "céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste)", "sloinne breithe", "dáta breithe", "áit bhreithe", "náisiúntacht i láthair na huaire", "tír bhreithe", "cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil", sonraí trínar féidir an taifead, an comhad nó an foláireamh a aisghabháil, an taifead an comhad nó an foláireamh a

ghin an t-amas sna córais faisnéise AE a cuardaíodh, agus i gcás ina ndéanfar an fhaisnéis bhreise a bhaineann leis an amas sin a stóráil i gcóras náisiúnta nó i mbunachar sonraí, ar amas é dá dtagraítear san Airteagal sin, ceadófar an córas náisiúnta nó an bunachar sonraí sin chun tacú le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí arna sainaithint sa mhír sin;

(ii) i gcás na n-amas dá dtagraítear in Airteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2018/1240, feidhmiúlacht lena gcuirfear ar fáil go huathoibríoch comhad lena asbhaint ina mbeidh na sonraí seo a leanas ón gcomhad iarratais: freagraí arna soláthar ag an iarratasóir faoi Airteagal 17(4) agus (6) den Rialachán sin, "sloinne (ainm teaghlaigh)", "céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste)", "sloinne breithe", "dáta breithe", "áit bhreithe", "náisiúntacht i láthair na huaire", "tír bhreithe", "cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil", freagraí trínar féidir faisnéis a aisghabháil ó na córais náisiúnta nó ó na bunachair sonraí ábhartha, faisnéis a bhaineann leis an amas agus a thacaíonn le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí arna sainaithint sa mhír sin;

(iii) i gcás na n-amas dá dtagraítear in Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2018/1240, feidhmiúlacht lena gcuirfear ar fáil go huathoibríoch comhad lena asbhaint ina mbeidh na sonraí seo a leanas ón gcomhad iarratais: "sloinne (ainm teaghlaigh)", "céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste)", "sloinne breithe", "dáta breithe", "áit bhreithe", "náisiúntacht i láthair na huaire", "cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil" agus "aitheantóir náisiúnta" an iontrála ar an liosta faire, sonraí trínar féidir faisnéis a aisghabháil ó na córais náisiúnta nó ó na bunachair faisnéise ábhartha, faisnéis a bhaineann leis an amas agus a thacaíonn le measúnú a dhéanamh ar an riosca arna sainaithint sa mhír sin;

(iv) i gcás na n-amas dá dtagraítear in Airteagal 26(6) de Rialachán (AE) 2018/1240, feidhmiúlacht lena gcuirfear ar fáil go huathoibríoch comhad lena asbhaint ina mbeidh na sonraí seo a leanas ón gcomhad iarratais: "sloinne (ainm teaghlaigh)", "céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste)", "sloinne breithe", "dáta breithe", "áit bhreithe", "náisiúntacht i láthair na huaire", "cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil", sonraí trínar féidir faisnéis a aisghabháil ó na córais náisiúnta nó ó na bunachair sonraí ábhartha, faisnéis a bhaineann leis an amas agus a thacaíonn le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí arna sainaithint sa mhír sin;

(v) feidhmiúlacht lena gcuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí ó Aonaid Náisiúnta ETIAS toradh na measúnaithe ar na rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 26(7), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2018/1240 a uaslódáil;

(h) feidhmiúlacht trínar féidir an fhaisnéis ábhartha is gá a asbhaint le haghaidh nósanna imeachta achomhairc náisiúnta i gcás inar tionscnaíodh na nósanna imeachta sin, agus trínar féidir a thaifeadadh i Lárchóras ETIAS gur tionscnaíodh nós imeachta achomhairc, in éineacht le huimhreacha tagartha an achomhairc náisiúnta agus toradh an nós imeachta sin;

(i) feidhmiúlacht trínar féidir an fhaisnéis nó an doiciméadacht bhreise dá dtagraítear in Airteagal 27(2) agus (8) de Rialachán (AE) 2018/1240 a asbhaint agus aistriúcháin na doiciméadachta sin a uaslódáil agus a stóráil sa chomhad iarratais;

(j) feidhmiúlacht trínar féidir obair leantach a dhéanamh i leith thoradh na n-achomharc náisiúnta de bhun Airteagal 37(3), Airteagal 40(3) agus Airteagal 41(7) de Rialachán (AE) 2018/1240, lena n-áirítear sonraí a leasú nó a léirscriosadh i Lárchóras EITAS nó i gcás inarb ábhartha, údarú taistil nua a eisiúint;

(k) feidhmiúlacht chun comhaid iarratais a shannadh agus chun a n-infheictheacht a theorannú nó a chumasú le haghaidh úsáideoirí laistigh d'aon Aonad Náisiúnta ETIAS amháin nó laistigh de Láraonad ETIAS, ionas gur féidir leis na húsáideoirí comhordú a dhéanamh;

(l) feidhmiúlacht lena gcuirfear ar a chumas do Europol na sonraí a tharchuireann Láraonad ETIAS chuige a asbhaint, mar a thagraítear dó in Airteagal 29(2) de Rialachán (AE) 2018/1240;

(m) feidhmiúlacht lena dtabharfar rochtain do Láraonad ETIAS ar Lárchóras ETIAS chun iarrataí ó Europol a phróiseáil maidir le sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS a cheadú, gan féachaint ar pharaiméadair chuardaigh na hiarrata ó Europol nó ar thorthaí an chuardaigh, agus chun fógra a thabhairt do Europol faoi tharchur na sonraí de bhun Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2018/1240;

(n) feidhmiúlacht lena gcuirfear ar a chumas do Europol comhad a asbhaint ina bhfuil na sonraí is toradh ar an iarraidh ar cheadú dá dtagraítear i bpointe (m);

(o) feidhmiúlacht lena sannfar iarrataí ar cheadú d'úsáideoirí sonracha laistigh de Europol;

(p) feidhmiúlacht lena gcuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí ó Láraonad ETIAS nó ó Aonaid Náisiúnta ETIAS a bheith ag obair ar amais éagsúla go comhuaineach laistigh d'aon chomhad iarratais amháin agus chun comhordú a dhéanamh ar mhaithe le teacht ar thuairim i gcásanna ina sainaithneofar níos mó ná amas amháin san Aonad sin maidir leis an aon chomhad iarratais amháin;

(q) feidhmiúlacht lena n-áiritheofar nach bhféadfaidh ach úsáideoir amháin, laistigh de Láraonad ETIAS nó d'Aonad Náisiúnta ETIAS, a bheith ag obair ar an aon amas amháin, ag aon am amháin, i gcomhad iarratais;

(r) feidhmiúlacht trínar féidir údarú taistil eisithe a aisghabháil de láimh chun é a neamhniú nó a chúlghairm.

2. Leis an bhfeidhmiúlacht dá dtagraítear i bpointe (q), cuirfear ar a gcumas do na húsáideoirí na hamais nach féidir obair a dhéanamh orthu ag am ar leith a fheiceáil. Na húsáideoirí a bhfuil sonraí logála isteach cuí acu, beidh siad in ann ábhar an amais a fheiceáil i gcónaí.

3. Sna sonraíochtaí teicniúla dá bhforáiltear in Airteagal 73(3) den Rialachán (AE) 2018/1240, tabharfaidh eu-LISA tuairisc ar shonraí na bhfeidhmiúlachtaí sonracha atá ag an mbogearra dá dtagraítear i mír 1, formáid na sonraí sna comhaid asbhainte dá dtagraítear i mír 1, pointí (g), (l), (m) agus (n) den Airteagal seo agus an cur chuige teicniúil i leith taifead a choimeád ar na hoibríochtaí próiseála sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 26(7) den Rialachán sin.

CAIBIDIL III

ROCHTAIN, LEASÚ, LÉIRSCRIOSADH AGUS RÉAMH-LÉIRSCRIOSADH

Airteagal 6

Rochtain, leasú, léirscriosadh agus réamh-léirscriosadh chun críocha Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2018/1240

1. Chun críocha Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2018/1240, ligfidh an bogearra do Láraonad ETIAS nó d'Aonaid Náisiúnta ETIAS na sonraí a stóráiltear i Lárchóras ETIAS a chuardach. Beidh na réimsí cuardaigh seo a leanas ar fáil:

(a) sloinne (ainm teaghlaigh);

(b) céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste);

(c) cineál agus uimhir an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil;

(d) uimhir an iarratais;

(e) náisiúntacht nó náisiúntachtaí;

(f) dáta breithe;

(g) gnéas;

(h) tréimhse ama.

2. Chun aisghabháil an chomhaid iarratais a éascú, ligfidh an bogearra d'úsáideoirí cuardach a dhéanamh trí shonraí a sholáthar a chomhfhreagraíonn do na réimsí cuardaigh dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) nó (d) den Airteagal seo.

3. Mura bhfuil na sonraí dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) nó (d) ar fáil, ligfidh an bogearra d'úsáideoirí cuardach a dhéanamh trí shonraí a sholáthar a chomhfhreagraíonn do na réimsí cuardaigh dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (e), (f), (g) agus (h). Ligfidh an bogearra d'úsáideoirí cuardach a dhéanamh i gcás ina mbeidh na sonraí a chomhfhreagraíonn do cheann de na réimsí cuardaigh (b), (e), (g) in easnamh. Beidh sé roghnach sonraí a sholáthar a chomhfhreagraíonn don réimse cuardaigh (h).

4. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le cuardaigh a dhéanfar i gcomhréir le mír 2:

(a) déanfar na réimsí cuardaigh dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) agus (d) a chuardach sa mhód beacht;

(b) déanfar na réimsí cuardaigh eile uile dá dtagraítear i mír 1 a chuardach sa mhód neamhbheacht.

5. Taispeánfar an comhad iarratais in éineacht le haon chomhad iarratais eile atá ceangailte leis, agus i gcomhréir leis na ceadanna agus na róil arna sainiú d'úsáideoirí.

6. Chun na comhaid iarratais a léirscriosadh de bhun Airteagal 55(5) de Rialachán (AE) 2018/1240, cuirfidh feidhmiúlacht de chuid an bhogearra ar a gcumas d'úsáideoirí Aonaid Náisiúnta ETIAS cuardaigh a dhéanamh agus roinnt comhaid iarratais a aisghabháil le chéile. Ligfidh an bogearra do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 55(5) den Rialachán sin an fhaisnéis struchtúrtha ina bhfuil réimsí cuardaigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar fáil lena n-úsáid ag Aonaid Náisiúnta ETIAS. Beidh feidhm ag míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo *mutatis mutandis* maidir leis na cuardaigh sin.

7. Roimh aon athrú de bhun Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2018/1240 a thaifeadadh i Lárchóras ETIAS, iarrfaidh an bogearra ar an úsáideoir an leasú nó an léirscriosadh a dheimhniú trína shonraí úsáideora a chur isteach.

CAIBIDIL IV

ROCHTAIN AR SHONRAÍ CHUN CHRÍOCHA FHORFHEIDHMIÚ AN DLÍ

Airteagal 7

Rochtain ar shonraí ag Europol

1. Iarrataí ar rochtain ó Europol de bhun Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2018/1240, cuirfear isteach tríd an mbogearra iad.

2. Déanfaidh Europol na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 52(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2018/1240 a líonadh isteach i bhfoirm i gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán sin. Déanfaidh Europol a shonrú cé na sonraí, más ann dóibh, a bhféadfar iad a chuardach sa mhód neamhbheacht.

3. Aonad speisialaithe Europol dá dtagraítear in Airteagal 53(3) de Rialachán (AE) 2018/1240, aonad atá freagrach as iarrataí a fhíordheimhniú roimh ré, cuirfidh sé san áireamh san iarraidh an measúnú i dtaobh an gcomhlíonann an iarraidh na coinníollacha uile dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin. Beidh sé dodhéanta go teicniúil an iarraidh a chur faoi bhráid Láraonad ETIAS mura bhfuil an measúnú sin san áireamh.

4. Déanfaidh Lárchóras ETIAS cosc a chur go huathoibríoch ar rochtain ar shonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointe (h) de Rialachán (AE) 2018/1240. Chomh maith leis sin, déanfaidh Lárchóras ETIAS cosc a chur go huathoibríoch ar rochtain ar shonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointe (i), agus Airteagal 17(4), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2018/1240 i gcás nach mbeidh sé léirithe ag aonad speisialaithe Europol go ndearnadh na húdair chuí ábhartha is gá de bhun Airteagal 53(1) den Rialachán sin a sholáthar agus a fhíorú. Léireoidh aonad speisialaithe Europol san iarraidh go ndearnadh na fíoruithe is gá.

Airteagal 8

Rochtain ar shonraí trí lárphointí rochtana

1. Déanfaidh na lárphointí rochtana Lárchóras ETIAS a chuardach leis na sonraí a liostaítear in Airteagal 52(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2018/1240 tríd an tairseach chuardaigh Eorpach arna bunú de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/817. Féadfar na sonraí a liostaítear in Airteagal 52(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2018/1240 a chuardach sa mhód neamhbheacht.

2. Go dtí go mbeidh an tairseach chuardaigh Eorpach oibríochtúil le haghaidh úsáid ag lárphointí rochtana, is trí Lárchóras ETIAS go díreach a dhéanfar na cuardaigh sin.

3. I gcás ina bhfaighfear iarraidh ó aonad oibríocha de chuid na n-údarás ainmnithe, fíoróidh agus deimhneoidh an lárphointe rochtana go gcomhlíontar na coinníollacha in Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1240.

4. I gcás inarb infheidhme, fíoróidh agus deimhneoidh an lárphointe rochtana gurb ann d'údar cuí le rochtain ar na sonraí a liostaítear in Airteagal 17(2), pointe (i), agus Airteagal 17(4), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2018/1240, i gcomhréir le hAirteagal 51 den Rialachán sin.

5. I gcás ina ndéanfaidh an lárphointe rochtana Lárchóras ETIAS a rochtain, cuirfidh Lárchóras ETIAS cosc go huathoibríoch ar rochtain ar na sonraí a liostaítear in Airteagal 17(2), pointe (h), de Rialachán (AE) 2018/1240.

Na sonraí a liostaítear in Airteagal 17(2), pointe (i), agus Airteagal 17(4), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2018/1240, ní dhéanfaidh Lárchóras ETIAS na sonraí sin a aisghabháil ach amháin i gcás ina mbeidh sé deimhnithe ag an lárphointe rochtana go bhfuil údar cuí leis na sonraí sin a rochtain de bhun mhír 4 den Airteagal seo.

I gcásanna eisceachtúla, de mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, beidh na lárphointí rochtana in ann a léiriú go mbaineann an iarraidh le cás práinne agus beidh siad in ann an iarraidh ó aonad oibríochta de chuid na n-údarás ainmnithe a phróiseáil láithreach. Na fíoruithe agus na deimhnithe dá bhforáiltear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, is ar bhonn *ex post* a dhéanfar iad, i gcomhréir le hAirteagal 51(4) de Rialachán (AE) 2018/1240.

CAIBIDIL V

ROCHTAIN AR SHONRAÍ AG ÚDARÁIS TEORANN AGUS INIMIRCE CHUN CRÍOCH FÍORAITHE

Airteagal 9

Rochtain ar shonraí ag na húdaráis teorann ag na teorainneacha seachtracha

1. Déanfaidh na húdaráis teorann Lárchóras ETIAS a rochtain chun na sonraí is gá a cheadú le haghaidh chomhlíonadh a ndualgas.

Beidh rochtain ag na húdaráis teorann ar Lárchóras ETIAS chun é a chuardach leis na sonraí seo a leanas ón gcuid den doiciméad taistil atá meaisín-inléite:

(a) sloinne (ainm teaghlaigh); céadainm nó céadainmneacha (ainmneacha baiste);

(b) dáta breithe; gnéas; náisiúntacht nó náisiúntachtaí;

(c) cineál agus uimhir an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil;

(d) an dáta a imeoidh bailíocht an doiciméid taistil in éag.

Na sonraí uile a liostaítear sa dara fomhír, úsáidfear iad chun an cuardach a thionscnamh. Na sonraí a liostaítear i bpointe (a), féadfar iad a chuardach sa mhód neamhbheacht agus déanfar na sonraí eile uile a chuardach sa mhodh beacht.

2. Leis na cuardaigh a dhéanfar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo, gheofar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointí (a) go (d), de Rialachán (AE) 2018/1240.

3. I gcomhréir le hAirteagal 47(4) de Rialachán (AE) 2018/1240, beidh na húdaráis teorann in ann Lárchóras ETIAS a rochtain chun faisnéis bhreise a cuireadh leis an gcomhad iarratais a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 39(1), pointe (e), nó Airteagal 44(6), pointe (f), den Rialachán sin. Chun na críche sin, beidh rochtain ag na húdaráis teorann, tríd an tairseach chuardaigh Eorpach, ar Lárchóras ETIAS chun é a chuardach leis na sonraí a liostaítear i mír 1, an dara fomhír den Airteagal seo.

Go dtí go mbeidh an tairseach chuardaigh Eorpach oibríochtúil le haghaidh úsáid ag na húdaráis teorann, is trí Lárchóras ETIAS go díreach a dhéanfar na cuardaigh sin.

4. Leis na cuardaigh a dhéanfar i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, gheofar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 39(1), pointe (e), nó Airteagal 44(6), pointe (f), de Rialachán (AE) 2018/1240.

Airteagal 10

Rochtain ar shonraí ag na húdaráis inimirce

1. Tríd an Tairseach Chuardaigh Eorpach beidh rochtain ag na húdaráis inimirce ar Lárchóras ETIAS chun é a chuardach ar mhaithe lena sheiceáil nó a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le dul isteach ar chríoch na Ballstát nó fanacht uirthi, agus ar mhaithe le bearta iomchuí i ndáil leis sin a dhéanamh. De bhun Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2018/1240, beidh rochtain ag na húdaráis inimirce ar Lárchóras ETIAS chun é a chuardach leis na sonraí a liostaítear in Airteagal 17(2), pointí (a) go (e), den Rialachán sin.

Aon teaglaim de na sonraí a liostaítear in Airteagal 17(2), pointí (a), go (e), de Rialachán (AE) 2018/1240, féadfar iad a úsáid chomh fada agus a úsáidfear na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointe (a), den Rialachán sin. Féadfar na cuardaigh sin a dhéanamh sa mhód neamhbheacht.

Go dtí go mbeidh an tairseach chuardaigh Eorpach oibríochtúil le haghaidh úsáid ag na húdaráis inimirce, is trí Lárchóras ETIAS go díreach a dhéanfar na cuardaigh sin.

2. Leis na cuardaigh a dhéanfar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, gheofar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 49(3) de Rialachán (AE) 2018/1240.

3. Chomh maith leis sin, beidh rochtain ag na húdaráis inimirce ar Lárchóras ETIAS chun críche fillidh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 65(3) de Rialachán (AE) 2018/1240.

Beidh rochtain ag na húdaráis inimirce ar Lárchóras ETIAS chun é a chuardach leis na sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Aon teaglaim de na sonraí a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfar iad a úsáid chomh fada agus a úsáidfear na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/1240.

4. Leis na cuardaigh a dhéanfar i gcomhréir le míreanna 1 agus 3 den Airteagal seo, gheofar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 65(3), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2018/1240. Na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointe (k), den Rialachán sin, ní bhfaighfear iad ach amháin má úsáidtear "dáta breithe" sa chuardach.

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN